

AN BHFUIL SRÁIDEANNA SCOILE DIFRIÚIL Ó CHRÍOSANNA SCOILE?

Sea, tá Sráid Scoile difriúil ó Chríos Scoile. Tá sé mar aidhm ag an dá fhorbairt rochtain níos sábháilte a chruthú os comhair na scoileanna, ach tá dearadh agus oibriú an dá spáis an-difriúil óna chéile. Tagraíonn Chríos Scoile do na huasghráduithe bonneagair thógtha a fhorbraítear os comhair na scoile. Dearadh na suiteálacha agus na gnéithe nua sin chun trácht a laghdú ag geataí scoile agus chun rochtain shábháilte a fheabhsú do leanaí. Rud a dhéanann idirdhealú idir Sráid Scoile agus Chríos Scoile ná go gcuirtear srian ar thrácht feithiclí thar leithead iomlán an bhóthair i gcás Sráid Scoile.

CÉN CHAOI A N-OIBRÍONN SÉ?

Cuirtear Sráid Scoile i bhfeidhm ar bhonn trialach ar dtús sula gcuirtear i bhfeidhm go buan é. Beidh Sráid Scoile go hiomlán do choisithe nó cuirtear srian ar rochtain d'fheithiclí le linn an téarma scoile ag amanna socraithe fágála agus bailithe. Ba cheart don scoil amanna na srianta a chinneadh in éineacht leo siúd a dteastaíonn rochtain ar an tsráid uathu. Mar shampla, chuirfeadh scoil a thosaíonn ar 9.00 r.n. agus a chríochnaíonn ar 14.30 i.n. srian ar rochtain ar an tsráid idir 08:30 agus 09:15 r.n. agus idir 13:00 agus 14:45 i.n.



CAD IS SRÁID SCOILE ANN?

Feidhmíonn Sráid Scoile mar shráid ina bhfuil srian ar thrácht feithiclí thar leithead iomlán an bhóthair le linn amanna dúnta ar leith. Trí fheithiclí a atreorú ón limistéar os comhair na scoileanna tríd an áit a dhúnadh ag amanna ar leith, cruthaítear an timpeallacht is sábháilte agus is féidir do dhaltaí chun dul isteach sa scoil. Tá sé mar aidhm ag an mbróisiúr seo ceisteanna a fhreagairt a d'fhéadfadh a bheith ag tuismitheoirí nó caomhnóirí faoi Sráid Scoile ag a scoil.

- Cad é an aidhm atá le Sráid Scoile?
- Cé a bhaineann tairbhe as Sráid Scoile?
- Conas a oibríonn Sráid Scoile?

<p>Criosanna Scoile</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dromchlú • Mullaird phionsail • Comharthaíocht • Marcálacha bóthair 	<p>Sráideanna Scoile</p> <ul style="list-style-type: none"> • Timpeallacht gan charranna • Srianta amaíthe • Comharthaíocht • Marcálacha bóthair 	
<p>Dromchla ardaithe, uigeach nó daite chun Chríos Scoile a léiriú agus chun trácht a mhoilliú</p>	<p>Trí fheithiclí a bhaint, tugtar tosaíocht do thaisteal sábháilte agus gníomhach chun na scoile</p>	<p>Maolaíonn sé an trácht</p> <p>Tugtar tús áite do leanaí</p>
<p>Bíonn mullaird phionsail feadh imeall an chosáin ina mbacainn chosanta i gcoinne carranna</p>	<p>Is féidir Sráideanna Scoile a thriail sula gcuirtear aon athruithe buana i bhfeidhm</p>	<p>Rochtain shábháilte</p> <p>Rogha Píolótach</p>
<p>Bíonn comharthaíocht péinteáilte marcáilte ar dhromchlaí bóthair asfailt chun Chríos Scoile a léiriú</p>	<p>Tiocfaidh feabhas ar cháilíocht an aeir mórthimpeall gheata na scoile i dtimpeallacht gan charranna</p>	<p>Inaitheanta</p> <p>Aer níos glaine</p>
<p>Léiríonn meirgí agus comharthaí bóthair go bhfuil tú ag druidim leis an gChríos Scoile</p>	<p>Cuirtear feabhas ar limistéir phoiblí le Sráideanna Scoile agus nasctar pobail a mbíonn trácht eatarthu de ghnáth</p>	<p>Feasacht</p> <p>Feabhsú</p>



SRTS

SRTS

SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE

Seoladh an Clár SRTS i mí an Mhárta 2021 agus bhí deis ag gach scoil in Éirinn iarratas a chur isteach ar uasghráduithe os comhair na scoile chun rochtain níos sábháilte a thabhairt do shiúlóirí, leanaí ar rothair agus gach duine a thagann chun na scoile. Is tionscnamh de chuid na Roinne Iompair é an clár agus tacaíonn an Roinn Oideachais leis. Oibríonn Clár na Scoileanna Glasa an clár seo i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus údaráis áitiúla. Oibríonn Oifigeach Bon-neagair tiomnaithe SRTS le scoileanna agus le húdaráis áitiúla le linn an phróisis.

S: @SRTS_Ire

W: www.greenschoolsireland.org/saferoutestoschool/

E: srts@eeu.antisce.org

T: +353 1 400 2222

A: EEU An Taisce Unit 5a

Swift's Alley, Francis Street

Dublin, D08TN88

Ireland



Léaráid Ealaíontóra

CÉ A BHAINNEANN TAIRBHE AS?

Is féidir go leor buntáistí díreacha a bhaint as taisteal gníomhach chun na scoile i dtimpeallacht saor ó charranna, lena n-áirítear sábháilteacht phearsanta, folláine, airdeall agus folláine shóisialta a fheabhsú agus cothaíonn sé neamhspleáchas i leanaí. Feabhsaíonn Sráideanna Scoile cáilíocht an aeir mórthimpeall na scoile agus bíonn siad chun tairbhe an réimse phoiblí mar nashtar pobail leo a d'fhéadfadh trácht a bheith eatarthu murach iad. Nuair a bhíonn srianta ar thrácht feithiclí i bhfeidhm bíonn sé níos éasca freisin ciontóirí a thiomáineann ar bhealach contúirteach nó neamhdhleathach a iomardú.



AIDHM SRÁIDE SCOILE

Tá buntáistí iomadúla agus forleathana ag Sráideanna Scoile Saor ó Thrácht do gach ball den phobal agus den chomhshaol, ach go háirithe d'úsáideoirí óga. Tá sé mar aidhm ag Sráideanna Scoile tús áite a thabhairt do leanaí agus iad ag teacht chun na scoile trí limistéar níos sábháilte agus níos ciúine a chruthú os comhair na scoile. Tríd an tsráid a dhúnadh do thrácht ag amanna ar leith, cuirfear an timpeallacht is sábháilte agus is féidir ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh chun siúl, rothaíocht agus scútáil chun na scoile go sábháilte.

TACAIGH LE SRÁIDEANNA SCOILE

Féadfár srian a chur ar rochtain ar Shráid Scoile trí bhacainn sheasta nó inbhainte. Tá sé an-tábhachtach go gcloíonn tuismitheoirí le comharthaí tráchta rialála agus sealadacha agus nach gcuireann siad isteach ar an Maor Tráchta Scoile ná ar an oibrí deonach atá i bhfeighil ar Shráid na Scoile. Foghlaim tuilleadh faoi conas tacú le do scoil ónár mbróisiúr 'Conas Tacú le do Shráid Scoile'.